Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11211 – GEORG FISCHER / UPONOR)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 339/08)

1. An 18 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Georg Fischer AG ('Georg Fischer', an Eilvéis), agus

— Uponor Oyj ('Uponor', an Fhionlainn).

Gheobhaidh Georg Fischer rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Uponor ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 12 Meitheamh 2023.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta atá liostaithe go poiblí í Georg Fischer atá bunaithe san Eilvéis agus atá gníomhach i bhforbairt, monarú agus margú, *inter alia*, córas píobánra, réiteach réitigh agus tuaslagán meaisínithe,

— Is cuideachta liostaithe go poiblí í Uponor atá bunaithe san Fhionlainn agus atá gníomhach chun córais pluiméireachta, téimh agus fuaraithe radanta a dhearadh, a mhonarú agus a mhargú, chomh maith le réitigh áitiúla maidir le dáileadh teasa agus uisce agus bonneagar.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11211 – GEORG FISCHER / UPONOR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').